

CURTHA AR FÁIL AG

COMHAR CREIDMHEASA CHOLM CILLE TEO

Clár na nÁbhar

Íocaíochtaí Meandracha SEPA 2

(SEPA INSTANT) 2

Céard atá ag athrú? 2

Céard atá ag fanacht mar a chéile? 3

Coinníollacha maidir le hÍocaíochtaí Meandracha SEPA 3

An féidir leat íocaíochtaí Meandracha SEPA a tharraingt siar 4

Cé na cúinsí a bhféadfadh sé go dtarraingeofaí íocaíochtaí meandracha SEPA siar? 4

Céard ba cheart duit a dhéanamh má rinne tú íocaíocht mheandrach SEPA 4

trí thimpiste: 4

Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA vs. Aistriú Creidmheasa Caighdeánach SEPA 4

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA 5

An chaoi a nglacfaidh tú leis na hathruithe 5

FÍORÚ AN ÍOCAÍ (VoP) 6

Céard é Fíorú an Íocaí ? 6

Cén uair a thiocfaidh sé seo i bhfeidhm? 6

An chaoi a n-oibríonn sé: 6

Buntáistí: 7

SEIRBHÍS FHRITH-CHALAOISE 7

Céard a tharlóidh: 7

Buntáistí: 7

Íocaíochtaí Meandracha SEPA

(SEPA INSTANT)

Nuair a bheidh an Rialachán nua maidir le hÍocaíochtaí Meandracha i bhfeidhm i 2025, beidh sé níos sciobtha ná riamh airgead a sheoladh agus a fháil. Is scéim íocaíochtaí í **Íocaíochtaí Meandracha SEPA** a thugann deis duit íocaíochtaí euro a sheoladh agus a fháil faoi 10 soicind 24/7, 365 lá sa bhliain.

Ní bheidh aon ghá aon aipeanna breise a fháil, toisc go mbeidh an fheidhmiúlacht bhreise ar fáil ar an gcaoi chéanna a ndéanann tú do chuid baincéireachta ar líne nó le d'fhón soghluaiste agus beidh ar do chumas **íocaíochtaí euro a sheoladh agus a fháil** faoi 10 soicind ar fud an Limistéir Aonair d'Íocaíochtaí Euro [1] (Zón SEPA). Is féidir leat íocaíochtaí a sheoladh agus a fháil láithreach ag am ar bith, ag an deireadh seachtaine san áireamh.

Gheobhaidh tú **deimhniú díreach nuair a bheidh an íocaíocht curtha i gcrích**, agus beidh suaimhneas intinne agat go bhfuil d'íocaíocht seachadta mar a bhí uait. Beidh ar do chumas do chuid airgid a bhainistiú níos tapúla, níos éasca agus níos áisiúla ná riamh ag baint úsáide as an gcóras seo.

Is féidir **íocaíochtaí Meandracha a dhéantar trí bhaincéireacht ar líne a dhéanamh ag am ar bith**. Is féidir leat íocaíocht a dhéanamh ar aon lá, ag aon am agus próiseálfar í láithreach faoi réir rialuithe agus bailíochtaithe inmheánacha.

Áfach, **bíonn scoitham (cut-off times) i gceist maidir le híocaíochtaí a dhéantar go pearsanta i do Chomhar Creidmheasa.**

Céard atá ag athrú?

• **Aistrithe Meandracha Euro**: Íocaíochtaí fíor-ama ar fud na mbanc ar fad san Eoraip atá páirteach sa chóras.

• **Ar Fáil an t-am ar fad**: Ní bheidh ort fanacht níos mó — beidh tú in ann íocaíochtaí a sheoladh agus a fháil am ar bith, fiú lasmuigh d'uaireanta gnó.

• **Rochtain Shimplí**: Is féidir na haistrithe seo a dhéanamh ag baint úsáide as do bhaincéireacht ar líne nó aip shoghluaiste atá agat cheana féin. Nuair a bhíonn tú ag seoladh euro, roghnaigh "Aistriú Meandrach". Nó is féidir leat dul chuig oifig do Chomhair Chreidmheasa le linn uaireanta oscailte.

[1] Clúdaíonn SEPA na baillstáit ar fad san AE, chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis agus Monacó.

Céard atá ag fanacht mar a chéile?

• Fanfaidh d'uimhir chuntais agus do shonraí logála isteach mar a chéile.

• Ní athróidh do roghanna íocaíochta reatha.

• Ní thiocfaidh aon athrú ar ár ngeallúint maidir le seirbhís shlán, iontaofa.

Coinníollacha maidir le hÍocaíochtaí Meandracha SEPA

Tugann SEPA Meandrach an deis do dhaoine aistrithe euro tapa a dhéanamh ar bhealach áisiúil laistigh den Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (Zón SEPA), ach tabhair faoi deara go bhfuil roinnt coinníollacha tábhachtacha ag baint leis seo:

1. [2]**Ní mór do Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta (PSP) a bheith páirteach i gcóras SEPA**

Ní mór don institiúid seolta agus don institiúid glactha a bheith páirteach i gcóras Íocaíochtaí Meandracha SEPA. Mura bhfuil banc an fhaighteora páirteach sa chóras, d'fhéadfaí an íocaíocht a dhiúltú nó a phróiseáil mar Aistriú Creidmheasa Caighdeánach SEPA.

2. **Airgeadra Euro Amháin**
Ní féidir íocaíochtaí meandracha SEPA a dhéanamh ach amháin i gcás idirbhearta **in euro (€).** Ní mór don dá chuntas a bheith i zón SEPA agus a bheith in ann euro a sheoladh nó a fháil.

3. **Teorainn leis an Méid Airgid**
Beidh tú in ann teorainn a shocrú i gcomhair íocaíochtaí meandracha. Ní féidir leis an méid seo a bheith níos mó ná an teorainn atá socraithe ag an gComhar Chreidmheasa maidir le do chuid íocaíochtaí ar fad. **D'fhéadfadh do Chomhar Creidmheasa teorainn níos lú a chur i bhfeidhm** bunaithe ar bheartais inmheánacha, rialuithe riosca, nó an cineál cuntais atá agat.

4. **Srianta Tíreolaíocha**
Tá an tseirbhís seo teoranta do thíortha i zón SEPA, ina measc, gach ballstát de chuid an AE, chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis agus Monacó.

5. D'fhéadfadh Athrú a theacht ar amanna a mbeadh an tseirbhís ar fáil
Tá SEPA Meandrach ceaptha oibriú **24/7, 365 lá sa bhliain**, deireadh seachtaine agus laethanta saoire, san áireamh. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh ar roinnt de na Soláthraithe Seirbhíse Íocaíochta (PSP) cothabháil a dhéanamh nó d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar an tseirbhís go sealadach. I gcásanna neamhchoitianta, d'fhéadfadh rialacháin náisiúnta cur isteach ar na hamanna ina mbeadh an tseirbhís seo ar fáil.

[2] PSP – Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta m.sh. Comhar Creidmheasa, Banc.

An féidir leat íocaíochtaí Meandracha SEPA a tharraingt siar

Ní féidir íocaíochtaí Meandracha SEPA a tharraingt siar go huathoibríoch. Próiseáiltear íocaíocht Mheandrach SEPA **laistigh de 10 soicind**, agus chomh luath agus a aistrítear an t-airgead, **cuirfear an t-airgead i gcuntas an fhaighteora láithreach.**

Cé na cúinsí a bhféadfadh sé go dtarraingeofaí íocaíochtaí meandracha SEPA siar?

Féadfar a leithéid seo **a iarraidh** (ach níl cinnteacht go ndéanfar é) sna cásanna seo:
1.**Calaois** – Má rinneadh an íocaíocht mar thoradh ar chalaois nó ar chaimiléireacht.
2**. Earráid theicniúil** – Má bhí íocaíocht dhúblach nó botún soiléir i gceist (m.sh., IBAN mícheart).
3. **Le toiliú an fhaighteora** – Féadfaidh an banc glactha teagmháil a dhéanamh leis an bhfaighteoir chun an t-airgead a thabhairt ar ais go deonach.

Céard ba cheart duit a dhéanamh má rinne tú íocaíocht mheandrach SEPA trí thimpiste:

- **Déan teagmháil le do Chomhar Creidmheasa láithreach chun an t-ábhar a phlé.** B'fhéidir go ndéanfaidís iarracht **aistarraingt a iarraidh** nó dul i dteagmháil le banc an fhaighteora**.**
- Cuimhnigh **gurb é an faighteoir** a dhéanfaidh an cinneadh maidir le **haistarraing**t- go háirithe má bhíonn an t-airgead tógtha amach as an gcuntas nó má bhíonn an cuntas dúnta.

Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA vs. Aistriú Creidmheasa Caighdeánach SEPA

Gné	AISTRIÚ CREIDMHEASA MEANDRACH SEPA	Aistriú Creidmheasa Caighdeánach SEPA
An tAm a thógann sé	Faoi 10 soicind	Suas go lá gnó amháin
Ar fáil	24/7, 365 lá sa mbliain	Uaireanta Gnó amháin (Luan go hAoine, seachas laethanta saoire)
Teorainn maidir le hidirbheart	Níl aon teorainn shonrach (ag brath ar PSP)	Níl aon teorainn shonrach (ag brath ar PSP)
Airgeadra	Euro(€) amháin	Euro (€) amháin
Raon tíreolaíoch	Zón SEPA (ní mór an t-idirbheart a bheith idir bainc atá páirteach sa gcóras)	Zón SEPA (gach banc comhlíontach maidir le SEPA)
An bhfuil sé riachtanach go mbeadh an Banc páirteach	Tá – ní mór don bhanc seolta agus glactha a bheith mar	Níl – Gach PSP i SEPA de réir réamhshocraithe

Gné	AISTRIÚ CREIDMHEASA MEANDRACH SEPA	Aistriú Creidmheasa Caighdeánach SEPA
	Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta (PSP)	
Deimhniú	Deimhniú láithreach	D'fhéadfadh sé go nglacfadh deimhniú uaireanta an chloig

D'fhéadfadh briseadh sealadach sa tseirbhís tarlú, agus b'fhéidir nach mbeadh sé indéanta íocaíocht láithreach a dhéanamh ó do chuntas le linn na tréimhse sin. Tabharfar an rogha duit an íocaíocht a dhéanamh **trí Aistriú Creidmheasa Caighdeánach SEPA** ina ionad.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

Táimid ag déanamh uasdátú ar ár gCreatchonradh chun sonraí a thabhairt maidir le **SEPA Meandrach** atá le teacht, bealach íocaíochta nua a chuirfidh ar do chumas íocaíochtaí euro a sheoladh agus a fháil **faoi 10 soicind**, agus beidh sé ar fáil 24/7 ar fud bhainc na hEorpa atá páirteach sa gcóras.

Is féidir creatchonradh an Chomhair Chreidmheasa a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin an Chomhair Chreidmheasa nó déan teagmháil leis an oifig agus cuirfear cóip ar fáil duit.

Tiocfaidh na nuashonruithe seo i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair agus beidh eolas anseo faoi choinníollacha aistrithe Creidmheasa Meandrach SEPA, ar nós:

• Ní bheidh aon táille breise le híoc chun SEPA Meandrach a úsáid.

• Ní fhéadfaidh tú íocaíochtaí Meandracha SEPA a sheoladh chuig nó ó roinnt **cuntas cárta creidmheasa, morgáistí, agus cuntais taisce áirithe**. Áfach, féadfaidh tú airgead a sheoladh agus a fháil ag baint úsáide as na roghanna íocaíochta atá ann cheana féin do na cuntais seo.

• **Cuirfimid in iúl duit** nuair a bheidh Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA atá ag dul amach as do chuntas próiseáilte, agus inseofar duit ar éirigh leis an idirbheart nó nár éirigh. Mura bhfaighimid deimhniú laistigh de 10 soicind gur glacadh an íocaíocht, **cuirfimid do chuntas ar ais** sa staid ina mbeadh sé mura ndéanfaí an t-idirbheart ar chor ar bith.

An chaoi a nglacfaidh tú leis na hathruithe

Tá do chreatchonradh bailí go dtí an **31 Lúnasa 2025** agus beidh an creatchonradh nua i bhfeidhm ón **1 Meán Fómhair 2025**.

Ní gá duit aon rud a dhéanamh chun glacadh leis na hathruithe seo. Measfar go bhfuil tú tar éis glacadh leis na hathruithe má leanann tú ag úsáid do chuntais agus ár seirbhísí tar éis do na hathruithe teacht i bhfeidhm.

Mura mian leat glacadh leis na hathruithe, tá an ceart agat do chuntas a dhúnadh nó deireadh a chur le do chomhaontú linn **gan aon táille breise**, ar choinníoll go bhfuil aon iarmhéideanna nó táillí atá fós gan íoc glanta. Is féidir leat scríobh chuig ár n-oifig nó teagmháil a dhéanamh linn trí na gnáthbhealaí seirbhíse atá againn á chur seo in iúl dúinn.

Tuigimid go mbeidh roinnt custaiméirí nach mbeidh ag iarraidh glacadh leis na hathruithe atá sonraithe sa treoirleabhrán seo. Más duine acu sin tusa, ní mór duit gníomhú roimh an **31 Lúnasa 2025**, mar beidh na téarmaí nua ag teacht i bhfeidhm go huathoibríoch ina dhiaidh sin.

FÍORÚ AN ÍOCAÍ (VoP)

Táimid ag tabhairt isteach gné shlándála nua ar a dtugtar **Fíorú an Íocaí (VoP)** mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha chun tú a chosaint ar chalaois agus ionas go mbeidh níos mó muiníne agat agus tú ag déanamh íocaíochtaí.

Céard é Fíorú an Íocaí ?

Is seirbhís atá ann chun calaois a chosc. Déanann sé ainm an chuntais a chuireann tú isteach agus íocaíocht á dhéanamh agat a sheiceáil chun a chinntiú go dtagann an t-ainm sin leis an ainm atá ar chuntas bainc an fhaighteora (an duine a bhfuil tú ag seoladh airgid chuige). Cuidíonn an tslándáil bhreise seo lena chinntiú go rachaidh do chuid airgid chuig an duine nó an gnólacht ceart.

Cén uair a thiocfaidh sé seo i bhfeidhm?

Ag tosú ar an 9 Deireadh Fómhair 2025, nuair a chuireann tú tús le híocaíocht — cibé acu ar líne, trí aip shoghluaiste, nó san oifig — deimhneoidh do Chomhar Creidmheasa go bhfuil ainm an fhaighteora ag teacht leis an uimhir chuntais (IBAN). Is í an aidhm atá leis an tseiceáil seo ná calaois a laghdú agus cinntiú go dtéann íocaíochtaí chuig an gcuntas ceart.

An chaoi a n-oibríonn sé:

Nuair a dhéanann tú íocaíocht:

1. Cuireann tú **ainm an fhaighteora, uimhir IBAN/cuntais, agus sonraí bainc** isteach.

2. Seiceálann an córas an bhfuil an t-ainm ag teacht leis an gcuntas sa bhanc glactha.

3. Gheobhaidh tú ceann amháin de thrí thoradh:

o ✅ **Meaitseáil** – Tá an t-ainm agus uimhir an chuntais ag teacht le chéile.

o ⚠ **Meaitseáil Dhlúth** – Tá an t-ainm cosúil le hainm an chuntais; moltar duit seiceáil an athuair.
o ✕ **Gan Mheaitseáil** – Ní thagann an t-ainm leis an gcuntas; cuirtear fainic ort sula leanann tú ar aghaidh.

Buntáistí:

- Cuidíonn sé le **calaois a chosc** (m.sh. sceamáil a bhaineann le hatreorú sonrasc)
- Laghdaítear an méid **íocaíochtaí a chuirtear chuig cuntais chontráilte** de bharr botúin chló
- Tabharfaidh sé **níos mó muiníne** duit agus tú ag seoladh airgid.

SEIRBHÍS FHRITH-CHALAOISE

Tá seirbhís nua á tabhairt isteach ag do Chomhair Chreidmheasa do gach íocaíocht Mheandrach SEPA a dhéanann tú. Is gné slándála breise atá anseo chun dul i ngleic le calaois, go háirithe calaois um shealbhú cuntais agus bradaíl aitheantais.

Céard a tharlóidh:

Déanfaidh an tseirbhís fhrithchalaoise monatóireacht ar gach íocaíocht Mheandrach SEPA a dhéanfar ó do chuntas (chuntais) i do Chomhar Creidmheasa agus, breathnófar ar do stair íocaíochta roimhe seo agus tosca eile, agus ansin rialófar an bhfuil amhras faoi d'íocaíocht nó nach bhfuil.

Breathnóidh an tseirbhís ar aimhrialtachtaí, patrúin neamhghnácha iompair ar nós méideanna íocaíochta mar an gcéanna déanta go tapa i ndiaidh a chéile chuig cuntas anaithnid nó íocaíocht atá á déanamh ó cheantar tíreolaíoch difriúil seachas ón áit ar seoladh íocaíocht cúpla nóiméad roimhe sin.

Is cosaint bhreise slándála atá anseo sa chás go mbeadh sonraí do chuntais i gcontúirt.

Buntáistí:

• Déanfaidh do Chomhar Creidmheasa monatóireacht ar na híocaíochtaí meandracha ar fad a sheolann tú 24/7, 365 lá sa bhliain chun cabhrú le calaois a stopadh

• Tabharfaidh sé **níos mó muiníne** duit go bhfuil monatóireacht bhreise á déanamh ar íocaíochtaí a dhéantar ó do chuntais i do Chomhar Creidmheasa

• Sa deireadh thiar, cuideoidh sé le **calaois a chosc** i gcás íocaíocht mheandrach